

# **Síntiúis do Teachtaí Dála, do Sheanadóirí agus d’Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa i 2021**




## **Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí Standards in Public Office Commission**

Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí  
6 Ardán Phort an Iarla,  
Baile Átha Cliath 2  
D02 W773  
Teileafón: (01) 639 5666  
Ríomhphost: [info@sipo.ie](mailto:info@sipo.ie)  
Súiomh gréasáin: [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie)  
Twitter: @SIPOCireland

Lúnasa 2022

## Réamhrá

Thar ceann an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, tá áthas orm an tuarascáil seo a chur ar fáil don Cheann Comhairle de réir fhorálacha alt 4(1) den Acht Toghcháin 1997, arna leasú (an tAcht). Cuireadh na ráitis síntiús/dearbhuíthe reachtúla a bhfuil cur síos orthu sa tuarascáil ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun alt 24 den Acht. Cuireadh na deimnithe síntiús airgid/dearbhuíthe reachtúla agus ráitis ó institiúidí airgeadais ar fáil de bhun alt 23B den Acht.



---

Garrett Sheehan  
Cathaoirleach  
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí  
Lúnasa 2022

## Caibidil 1: Réamhrá

Ceanglaítear ar gach duine atá, le linn bliana féilire, ina chomhalta de Dháil Éireann (TD), ina chomhalta de Sheanad Éireann (Seanadóir) nó ina chomhalta de Pharlaimint na hEorpa (FPE), faoin 31 Eanáir den bhliain dár gcionn, ráiteas síntiús, deimhniú sintiús airgid, dearbhú reachtúil agus, nuair is cuí, ráiteas bainc i leath na bliana roimhe sin a chur ar fáil chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún).

Is cion é mainneachtain na tuairisceáin riachtanacha a dhéanamh faoin spriocdháta reachtúil. I gcás go bhfuil duine ciontach i gcion faoin alt seo, dlífead, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €2,500 agus fíneáil leanúnach nach mó ná €500 in aghaidh an lae a chur air in aghaidh gach lae, tar éis é a chiontú, ar a bhfuil tuairisceáin reachtúla fós gan íoc.

Baineann an tuarascáil seo leis na tuairisceáin reachtúla a chuir Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ar fáil i leith 2021.

Tá sonraí ar na síntiúis a nochtadh agus a tugadh ar fáil sna aguisíní a ghabhann leis an tuarascáil seo.

## Caibidil 2: Eolas Ginearálta

D'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte do Theachtaí Dála, do Sheanadóirí agus d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa (dá ngairtear “comhaltaí” anseo le chéile) maidir le síntiúis ina leagtar amach na ceanglais a bhaineann le hábhair éagsúla ar nós síntiúis a ghlacadh agus a nochtadh, síntiúis toirmisceithe agus cuntais síntiúis polaitíochta. Tá na treoirlínte (a bhfuil achoimre orthu sa tabla seo a leanas) ar fáil ar suíomh gréasáin an Choimisiúin, [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie).

### Tábla síntiúis achomair le haghaidh Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí Eorpacha

<b>Cuntas síntiúis polaitíochta</b>	Nuair a fhaightear síntiúis de bhreis ar <b>€100</b> síntiúis polaitíochta ní mór cuntas síntiúis a oscailt (mura bhfuil ceann acu cheana féin oscailte) ag TD, Seanadóir nó FPE.
<b>Síntiúis airgid thirim</b>	Is é <b>€200</b> an síntiúis uasta airgid thirim ar féidir glacadh leis TD, Seanadóir nó FPE in aon bhliain féilire ó deontóir.
<b>Deontóirí corparáideach</b>	Is é <b>€200</b> an síntiúis uasta ar féidir le TD, Seanadóir nó FPE glacadh leis in aon bhliain féilire ó dheontóir corparáideach mura bhfuil an deontóir corparáideach cláraithe i gClár na nDeontóirí Corparáideacha arna chothabháil ag an gCoimisiún. Ní mór do pháirtí polaitíochta ar mian leis síntiúis os cionn €200 a thabhairt chun críocha polaitíochta i mbliain féilire clárú mar dheontóir corparáideach leis an gCoimisiún sula ndéanann sé síntiúis den sórt sin.
<b>Deontóirí aonair</b>	Sáraíonn gach síntiúis a fhaigheann TD, Seanadóir nó FPE mór ná <b>€600</b> a nochtadh ar ann ráiteas síntiúis.
<b>Síntiúis uasta</b>	Is é <b>€1,000</b> an síntiúis uasta a fhéadfaidh a TD, Seanadóir nó FPE i mbliain ar leith ó dhuine aonair nó deontóir corparáideach.
<b>Síntiúis iolracha</b>	I gcás ina dtugann deontóir síntiúis do bheirt fhaighteoirí nó níos mó (ilchomhaltaí den pháirtí céanna nó de pháirtí amháin nó níos mó comhaltaí agus an páirtí féin), ar mó a luach comhiomlán ná <b>€1,500</b> , ceanglaítear air/uirthi foirm síntiúis a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi Alt 24(1A).
<b>Síntiúis toirmisceithe</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Aon síntiúis a sháraíonn na teorainneacha thuasluaite</li><li>• Ní féidir glacadh le síntiúis gan ainm os cionn <b>€100</b></li><li>• Ní féidir glacadh le síntiúis eachtracha, d'aon luach, ó lasmuigh d'oilean na hÉireann, seachas ó shaoránach Éireannach</li></ul>

Nóta: tá feidhm ag rialacha síntiúis breise maidir le páirtithe polaitíocht agus tríú páirtithe. Chun tuilleadh eolas a fháil féach ar [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie)

## Caibidil 3: Síntiúis arna nochtadh

Tugann an tábla in Aguisín 1 achoimre ar na síntiúis a nochtadh. Is féidir ráitis síntiús aonair a fheiceáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Ceanglaíodh ar 233 comhalta agus iar-chomhaltaí ráitis síntiús a thabhairt i leith 2020, mar a leanas:

- 160 TD
- 59 Seanadóir
- 13 FPE
- 1 Iar-TD

### Tuairisceáin faighte

Ceanglaíodh ar gach comhalta a ráitis síntiús a chur ar fáil faoin 31 Eanáir 2022. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún mionearráid nó easnamh i ráiteas síntiús, tabharfaidh sé sonraí faoin earráid nó faoin easnamh don chomhalta agus cuirfidh sé in iúl don chomhalta go bhfuil 14 lá aige ó dháta an fhógra chun an earráid a cheartú.

Chloígh na comhaltaí go léir go substaintiúil le roinnt mioncheisteanna atá fós le réiteach. Táthar ag leanúint leis na ceisteanna seo. Toisc go bhfuil siad go léir i gcomhlíonadh suntasach, níor cuireadh aon chomhad ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

I gcás amháin, fuair TD síntiús airgid de €1,000. Ceanglaíonn an tAcht, i gcás ina bhfaightear síntiús airgid thirim os cionn €200, go gcaithfidh an Comhalta an síntiús nó an chuid de bhreis ar €200 a thabhairt ar ais don deontóir, nó an síntiús a chur ar ais chuig an gCoimisiún. Scríobh an Coimisiún chuig an TD lena chur in iúl dó faoina oibleagáidí agus faoi na céimeanna riachtanacha chun comhlíonadh a bhaint amach. Thug an TD lena mbaineann €800 ar ais don deontóir. Tá sonraí leagtha amach sa tábla in Aguisín 3 thíos.

Léirítear sa tábla in Aguisín 1 gur nocht comhaltaí síntiús ar luach iomlán €3,800 i leith 2021. Nuair a chuirtear aisíocaíochtaí san áireamh, b'ionann glan-iomlán na síntiús a fuarthas agus €3,800. Is laghdú é seo ar fhigiúr coibhéiseach 2020, arbh ionann é agus €64,875, is é an t-olltoghchán a reáchtáladh i bhFeabhra 2020 an chúis is dócha le luach sách ard na síntiús a nochtadh in 2020.

## Caibidil 4: Síntiúis arna nochtadh ag deontóirí faoi alt 24(1A)

Forálann alt 24(1A) den Acht nach mór do dhuine aonair ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil a thabhairt don Choimisiún má thugann sé/sí, i mbliain ar leith, síntiús ar mó ná €1,500 ina luach comhiomlán do bheirt nó níos mó a bhí ina gcomhaltaí den pháirtí polaitíochta céanna nuair a tugadh na síntiúis, nó do pháirtí polaitíochta agus do chomhalta amháin nó níos mó. Ní mór sonraí a thabhairt sa ráiteas síntiús faoi na síntiúis agus na daoine ar tugadh dóibh iad, agus ní mór é a chur ar fáil faoin 31 Eanáir na bliana dár gcionn.

Mura bhfuil sé ar intinn ag deontóir an ceanglas seo a chomhlíonadh agus go bhfuil ball nó páirtí ar an eolas faoi sin, tá cosc ar an gcomhalta/pháirtí síntiús a ghlacadh ón duine aonair sin.

Fuarthas dhá ráiteas síntiús ó dheontóirí aonair i leith 2021. Leagtar amach sa tábla in Aguisín 2 sonraí na síntiús a nochtadh. Nocht an 2 dheontóir síntiús ar luach iomlán **€3,570** i leith 2021. Ba é an figiúr coibhéiseach do 2020 ná €39,189.

## Caibidil 5: Ráitis síntiús a fhoilsiú

Tá na ráitis síntiús dá dtagraítear sa tuarascáil seo curtha faoi bhráid gach Tí den Oireachtas inniu ag an gCoimisiún, de bhun alt 24(7)(a) den Acht, agus tá na doiciméid ar fáil ar shuíomh gréasáin an Oireachtais, [www.oireachtas.ie](http://www.oireachtas.ie).

Tá na ráitis síntiús a fuarthas ar fáil anois ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Tá cóip den tuarascáil seo agus an preasráiteas a ghabhann léi ar fáil ar an shuíomh gréasáin an Coimisiúin freisin, [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie).

Ní gá deimhnithe síntiús airgid thirim, dearbhuithe reachtúla agus ráitis bhainc a théann leo a leagan faoi bhráid na dTithe agus níl siad ar fail lena n-iniúchadh ag an bpobal de réir Alt 23B(8) den Acht Toghcháin 1997.

## Aguisín 1 – Síntiúis arna nochtadh ag comhaltaí

Comhalta	Páirtí	Uimhir na síntiús	Luach na síntiús €	Síntiúis ar ais chuig deontóirí €
Bacik, Ivana	Páirtí an Lucht Oibre	1	1,000	N/B
Clifford Lee, Lorraine	Fianna Fáil	1	800	N/B
Cassells, Shane	Fianna Fáil	1	1,000	N/B
Crowe, Cathal	Fianna Fáil	1	1,000	800
<b>Iomlán</b>			<b>3,800</b>	<b>800</b>

## Aguisín 2 – Síntiúis arna nochtadh ag deontóirí faoi alt 24(1A)

Deontóir	Faighteoir an síntiús	Sonraí na síntiús €	Luach iomlán na síntiús
Jack O'Connor	Páirtí an Lucht Oibre	1,250	2,620
	Páirtí an Lucht Oibre Chill Dara Theas	750	
	Páirtí an Lucht Oibre Droichead Nua	120	
	Ivana Bacik TD	500	
SIPTU	Declan Bree	950	950
<b>Iomlán</b>		<b>3,570</b>	<b>3,570</b>



### Aguisín 3 – Síntiúis iomarcacha a thug Comhaltaí ar ais

<b>Comhalta</b>	<b>Páirtí</b>	<b>Deontóir</b>	<b>Sonraí</b>
Cathal Crowe TD	Fianna Fáil	Daniel Lehane	€1,000 airgead thirim faighte €800 ar ais